Bláthú!

Eagrán 21 Bealtaine 2016

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Cuileán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie

Comhdháil CNNG 2016

D'fhreastal stiúrthóirí naíonra agus oibrithe cúram leanaí ó cheann ceann na tíre ar chomhdháil agus dinnéar a d'eagraigh CNNG in Óstán Chois Fharraige ar an 4 Márta 2016. Is í Máire Ní Mhainín ó Údarás na Gaeltachta a chuir tús le himeachtaí an lae. I measc na gcainteoirí a rinne cur i láthair ar an lá bhí an Dr. Carmel Brennan ó Early Childhood Ireland a labhair faoi thábhacht an spraoi le páistí óga agus Treasa Kirk ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thug léargas ar an gcigireacht a bheas an Roinn a dhéanamh ar sheirbhísí luathoideachais. Rinne Deirdre Murphy ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta cur síos ar na treoir chleachtais Síolta agus Aistear atá ar an suíomh idirlíon acu.

Ag dinnéar na comhdhála bronnadh teastais ar stiúrthóirí a raibh seirbhís 20 agus 25 bliain caite acu i mbun an luathoideachas le CNNG. Is é Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta a bhronn na teastais agus thug sé ard-mholadh don obair atá ar bun ag CNNG agus a gcuid fostaithe ó thaobh saibhriú agus sealbhú na teanga sna réigiúin Ghaeltachta.

Páistí as Naíonra Charna, Co. na Gaillimhe le brait a rinne siad agus crann curtha acu mar chuid de cheiliúradh 1916.

Iarscoil na Rinne, Co. Phort Láirge

Ghlac páistí ó Sheirbhís Iarscoile na Rinne páirt i Scór na n-Óg in Aibreán 2016 nuair a chuaigh siad chun stáitse leis an mBradán Feasa. Is í Róisín Clancy i dteannta leis na Stiúrthóirí Orla Ní Mhuirithe agus Fionnuala Breathnach a d'ullmhaigh na páistí don drama seo. Dhein siad éacht arís i mbliana nuair a d'éirigh leo an dara h-áit a bhaint amach i gCraobh na Mumhan. Bhí na páistí a ghlac páirt idir 6 agus 12 bliana d'aois. Is 91 marc as 100 an scór a d'aimsigh siad agus fuair siad go léir ard-mholadh ó na moltóirí. Deir siad nach mbeidh siad sásta le aon rud ach an chéad áit an bhliain seo chugainn.

Ceiliúradh 1916

Páistí as Naíonra Chionn Caslach, Co. Dhún na nGall le ball de na fórsaí cosanta ag déanamh ceiliúradh ar 1916. Bronnadh teastas ar gach seirbhís a ghlac páirt sa Lá Siamsaíochta an 15 Márta.

Naíonra Chois Fharraige—Ag fágáil slán le Cáit

Tosaíodh an chéad naíonra riamh ar leithinis an Mhuirthead i 1999 le Cáit Uí Chatháin mar Phríomh Stiúrthóir. Faraor tar éis 17 bliana tá Cáit ag fhágáil slán leis an Naíonra agus ag dul ar scor. Is as Dún na nGall do Cháit ó dhúchas agus thóg sí ochtar clainne sular thosaigh sí sa Naíonra. Bhí grá aici i gcónaí don teanga agus chomh maith leis an deá obair a bhíodh á dhéanamh aici sa Naíonra bhíodh sí ag tabhairt ranganna Gaeilge do na tuismitheoirí agus muintir na háite chomh maith. Thug Cáit gach a raibh aici don Naíonra agus tá rian a cuid díograis le feiceáil sa Naíonra. Tá spás i gcroí chuile pháiste a d'fhreastal ar an Naíonra do Cháit. Mhol sí iad i gcónaí agus d'fhorbair sí a gcuid féin-misneach agus féin mheas. Bhíodh sí i gcónaí sona cairdiúil agus í á bhfáiltiú ar maidin. Bhí bealach iontach ag Cáit leis na tuismitheoirí agus chuir siad fáilte roimh aon chomhairle a bhí aici i gcónaí. Míle buíochas a Cháit ó mhuintir Iorrais.

Naíonra Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Mar chuid den Lá Siamsaíochta ag ceiliúradh 1916 tháinig na tuismitheoirí go dtí an Naíonra chun éisteacht leis na páistí ag casadh amhráin, ag rá rannta dúchasacha agus ag déanamh cúpla steip dhamhsa.
Bhí aoi speisialta acu freisin, athair duine do na páistí a bhfuil an fheirm gabhair "An Bothán Buí" aige i Ros Muc. Thug sé isteach gabhar agus dhá meannán. Bhí na páistí ag rith timpeall leis an ngabhar agus na meannáin dá leanúint agus bhain siad an spraoi as.

Ansin tugadh taispeántas dóibh cén caoi le gabhar a bhleán agus bhí deis ag na paistí é a dhéanamh freisin. Tugadh eolas dóibh maidir le aire na ngabhair agus na nithe a itheann siad.

Páistí as Naíonra Chois Fharraige, Co. Mhaigh Eo ag glacadh páirt sa Lá Siamsaíochta, Ceiliúradh 1916

Cuairteoir beag ag Naíonra Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí

Ag fáil do pháiste réidh don scoil

Is céim mhór í an t-aistriú ón Naíonra go dtí an scoil don pháiste. Seo cúpla moladh maidir le cabhrú le do pháiste fáil réidh don scoil:

- Faigh amach an bhfuil an togra Nasc Leis an mBunscoil i bhfeidhm i do naíonra agus cén chúnamh a thabharfaidh sé seo don pháiste an t-aistriú seo a dhéanamh.
- Labhair go dearfach leis an bpáiste faoin scoil. Bíonn taithí éagsúla ag tuismitheoirí maidir leis an scoil ach tá sé tábhachtach an taobh dearfach a thabhairt don pháiste.
- Tabhair cuairt ar an scoil nuair a bhíonn lá oscailte acu do na tuismitheoirí. Bíodh fhios agat cén seomra a mbeidh do pháiste ann i Meán Fómhair agus cas leis an múinteoir a bheas ag an bpáiste sa chaoi agus go mbeidh a fhios acu roimh ré cé a bheas á múineadh.
- Labhair faoin scoil mar áit a gcasfar cairde nua orthu agus a mbeidh siad ag déanamh rudaí spéisiúla
- Bíodh éide scoile, leabhair, málaí etc. faighte luath sa samhradh sa chaoi agus nach mbeidh aon strus gar don am.

Ar an gcéad lá:

- Déan cinnte go bhfuil na héide scoile, bróga, mála agus gach rud réidh an oíche roimhe.
- Bíodh bricfeasta maith acu - teastaíonn fuinneamh don scoil.
- Bíodh ainm an pháiste ar gach rud a bhaineann leo. Tabharfaidh sé seo muinín dóibh a gcuid rudaí féin a aithint
- Bíodh lón sláintiúil agus sneaic (más gá) i mbosca lóin atá éasca le hoscailt.
- Tug neart ama duit féin sa chaoi nach mbeidh tú ag deifriú agus ag cur strus ort féin.
- Tabhair an páiste chomh fada leis an seomra ranga agus taispeáin dóibh cá gcuireann siad a gcóta agus a mála.
- Pioc suas in am iad sa chaoi agus nach mbeidh siad trína chéile ag ceapadh go bhfuil dearmad déanta orthu. Cuimhnigh gur athrú mór é seo dóibh agus teastaíonn dearbhú uathu go bhfuil siad ábalta dó seo.

Naíonra Ghleann Cholm Cille

Seo páistí as Naíonra Ghleann Cholm Cille i nDún na nGall i mbun sábháilteacht bóthair. Tá sé seo ag tabhairt isteach an sprioc foghlama as **Aistear** sin **Folláine agus Leas Cód: FL2 SF5** *"I gcomhpháirt leis an duine fásta beidh an páiste ábalta breithiúnais mhaithe a thabhairt nuair atá riosca i gceist"*. Sa chás seo bhí deis ag na páistí an cód sábháilteachta bóthair a thriail. Ina gcuideachta bhí an Stiúrthóir Bríd Ní Bheirn. Bhain

Naíonra Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe

Páistí as Naíonra Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe gléasta suas i gcomhair an Lá Siamsaíochta ag Ceiliúradh 1916.

Páistí as Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia, Co. na Gaillimhe ag glacadh páirt sa Lá Siamsaíochta

Lá Siamsaíochta, Ceiliúradh 1916

Ghlac seirbhísí CNNG ó cheann ceann na tíre páirt i Lá Siamsaíochta, Ceiliúradh 1916 ar an 15 Márta. Seo cuid acu:

Naíonra Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí

Naíonra Charna, Co. na Gaillimhe

Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí

Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia, Co. na Gaillimhe

Naíonra Chill Chiaráin, Co. na Gaillimhe

Naíonra Ros an Mhíl , Co. na Gaillimhe

Naíonra Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe ag glacadh páirt i bparáid na Féile Pádraig.



Ag ardú brat na hÉireann i Naíonra Ráth Chairn, Co. na Mí mar chuid den Lá Siam-saíochta.

Ceacht an tSéasúir

Éisc Sliogáin

Teastaíonn:

Sliogáin éagsúla
Súile plaisteacha
Gliú
Péint in ndathanna éagsúla

Treoir:

Cuir péint ar na sliogáin
Úsáid na sliogáin bheaga le haghaidh eireabaill agus eití agus greamaigh iad le gliú
Greamaigh na súile plaisteacha

Bláthú!